Anseo is Ansiúd
BOOK 2
LESSON 7

# Na Siopaí sa Chathair



**Dé Céadaoin** téann Mamaí go dtí an chathair ag **siopadóireacht**. Tá a lán siopaí sa chathair. Tá **siopaí éadaigh** i lár na cathrach. Ceannaíonn Mamaí **cultacha éadaigh** agus gúnaí nua i siopa éadaigh. Faigheann Daidí cultacha éadaigh, léinte agus stocaí i siopa éadaigh na bhfear.

Bíonn a lán **custaiméirí** i **siopa an ghrósaera**.

Díolann **an grósaeir** arán, tae, siúcra, im, calóga arbhair, subh agus a lán earraí eile.

Ceannaíonn Mamaí feoil ón **mbúistéir**. Díolann sé **mairteoil**, **caoireoil** agus **muiceoil**. Bíonn **ispíní** agus **slisíní bagúin** aige freisin. Is é an tUasal Ó Riain an búistéir.

Díolann an **seodóir** uaireadóirí, cloig agus fáinní de gach cineál. Díolann sé **seoda** freisin.

Nuair a bhíonn na páistí breoite, téann Mamaí go dtí an **poitigéir** agus faigheann sí piollaí nó buidéal leighis uaidh.

Bíonn an **tábhairneoir** ag obair i **dteach tábhairne**. Díolann seisean deochanna mar leann, uisce beatha, liomanáid agus oráiste.

Ceannaíonn na páistí milseáin, seacláid agus uachtar reoite i **siopa milseán**.

**Foclóir:**
**cultacha,** suits
**calóga arbhair,** cornflakes
**mairteoil,** beef
**caoireoil,** mutton
**muiceoil,** pork
**ispíní,** sausages
**seodóir,** jeweller
**poitigéir,** chemist
**leann,** ale

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad a cheannaíonn Mamaí i siopa éadaigh.
   — arán agus im.
   — cultacha éadaigh.
   — uachtar reoite.
2. Cá bhfaigheann Mamaí piollaí agus buidéal leighis?
   — ón seodóir.
   — ón mbúistéir.
   — ón bpoitigéir.
3. Cad a dhíolann an seodóir?
   — deochanna.
   — uaireadóirí, cloig agus fáinní.
   — mairteoil.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Tá a lán siopaí sa —
2. Ceannaíonn Mamaí cultacha éadaigh agus gúnaí nua i — — .
3. Bíonn a lán — i siopa an ghrósaera.
4. Ceannaíonn Mamaí — ón mbúistéir.
5. Bíonn ispíní agus — bagúin aige freisin.

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
custaiméirí, seoda, uachtar reoite, uisce beatha, calóga arbhair, grósaeir, teach tábhairne, siopa éadaigh.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cathain a théann Mamaí go dtí an chathair?
2. Cén fáth a dtéann sí go dtí an chathair?
3. Cá bhfaigheann Daidí cultacha éadaigh?
4. Cad a dhíolann an grósaeir?
5. Cá gceannaíonn Mamaí caoireoil?
6. Cá mbíonn an tábhairneoir ag obair?
7. Cad a dhíolann an tábhairneoir?

**Gramadach 7**

1. Faigheann Mamaí piollaí **uaidh.**
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan.)
2. Is é an **tUasal O Riain** an **búistéir.**
   Seán Ó Briain/seodóir, Tomás Ó Conaill/poitigéir, Mícheál Ó Riada/tábhairneoir.